ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

**BUAN OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN (TFC) AG TEASTÁIL**

Is comhlacht reachtúil é Údarás Uchtála na hÉireann (AAI) a bunaíodh ar an 1 Samhain 2010 agus is é an tAcht Uchtála 2010 an reachtaíocht a sholáthraíonn bonn agus taca faoin Údarás.

Is é ár misean ná "A chinntiú go gcuirfear na caighdeáin is airde agus is féidir ar fáil sna seirbhísí a bhaineann le huchtú, ar feadh an phróisis uchtála go léir, agus gurb é leas leanaí an chéad chuspóir agus an chuspóir is tábhachtaí."

Tá fás tagtha ar AAI mar go bhfuil feidhmeanna nua agus feidhmeanna leathnaithe glactha aige de thoradh an Achta nua um Fhaisnéis agus Rianú Breithe 2022.

Tá an AAI ag iarraidh Buan-Cúntóir Taighde (Oifigeach Riaracháin) a earcú, a bheidh bunaithe i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Tá obair chumaisc ar fáil sa phost seo faoi réir chineál na ndualgas.

Táthar ag súil go mbeidh an tOifigeach Feidhmiúcháin TFC san Fhoireann Réitigh freagrach as tascanna agus go nglacfaidh sé nó sí freagracht astu agus go dtabharfaidh chun críche iad go sásúil trí eagrú, leithdháileadh agus maoirsiú éifeachtach na hoibre. Ról sóisearach bainistíochta a bheidh ann agus caithfidh an té a cheapfar a bheith solúbtha agus in ann spriocdhátaí diana a bhaint amach agus a bheith tiomanta do thorthaí ardchaighdeáin a sholáthar. Cé go bhfuil an obair seo teicniúil go príomha, d'fhéadfadh go n-áireofaí léi freisin roinnt gnéithe riaracháin a bhaineann le forbairt feidhmchlár, soláthar, comhlíonadh agus measúnú tionscadal, srl.

Tá scála tuarastail an Oifigigh Riaracháin idir €33,812 agus €56,127 in aghaidh na bliana (lena n-áirítear dhá incrimint fhadtéarmacha) agus beidh seachtain oibre 35 uair an chloig i gceist.

Tabhair faoi deara go mbeidh an pá tosaigh ag íosphointe an scála de réir Chiorclán E100/8/82 an Rialtais. D'fhéadfadh cúinsí eisceachtúla a bheith i gceist i gcás iarrthóirí a bhfuil seirbhís reatha acu sa Státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí.

Saoire bhliantúil: 23 lá in aghaidh na bliana atá bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear léi na gnáthlaethanta saoire poiblí.

Cuireann Údarás Uchtála na hÉireann pacáiste sochair den scoth ar fáil lena n-áirítear scéim pinsean ranníocach mar aon le deis chun tuilleadh oiliúna agus forbartha a fháil.

**Spriocdháta: Meánlae an 11 Deireadh Fómhair 2023**

Tabhair faoi deara, cé go bhféadfadh iarratasóirí riachtanais incháilitheachta an chomórtais a shásamh, meastar go gcuirfidh an oiread sin daoine isteach ar an bpost nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine.